C/2024/1210

30.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11425 — CVC / KEENSIGHT CAPITAL / SOGELINK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1210)

1. An 22 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ('CVC', Lucsamburg)

— Keensight Capital SAS ('Keensight Capital'), an Fhrainc

— Geo2link Group SAS ('Sogelink'), an Fhrainc

Gheobhaidh CVC agus Keensight Capital rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sogelink, atá faoi rialú aonair Keensight Capital faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tugann CVC comhairle do chistí infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i réimse tionscal ar fud an domhain, go príomha san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus bainistíonn sé iad freisin.

— Is cuideachta Fhrancach é Keensight Capital a infheistíonn i gceannach thar barr amach cuideachtaí Eorpacha atá ag fás, go háirithe in earnálacha na teicneolaíochta agus an chúraim sláinte. Oibríonn Keensight Capital i gcomhar le foirne bainistíochta cuideachtaí atá ag fás go tapa agus atá brabúsach, agus soláthraíonn sé caipiteal, treoraíocht straitéiseach agus tacaíocht oibríochtúil dóibh.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Sogelink: Is soláthraí Francach bogearraí, néalríomhaireachta agus réiteach móibíleach é Sogelink do ghairmithe tógála agus bainistíochta maoine.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe ([2]) a rialú idir gnóthais, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.11425 — CVC / KEENSIGHT CAPITAL / SOGELINK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË